

“The Dance of the Poetic and the Practical” (Machnamh ar Dhamhsa san Oideachas in Éirinn)

An Dochtúir Mary Nunan

Ba mhaith liom a dhearbhu gur féidir linn dhá ord eolais a thabhairt le chéile taobh istigh ionainn féin, a d’fhéadfaimis praiticiúil agus fileata a thabhairt orthu; le dearbhú go gcuireann gach foirm eolais an ceann eile ina cheart agus go bhfuil ann don teorainn eatarthu ann lena thrasnú (Heaney 1995, lch.203).

Feicim polasaithe agus cleachtas ealaíon in oideachas mar rudaí ina gcuirtear deiseanna ar leith ar fáil do ghnéithe liteartha agus praiticiúla d’ealaíon agus d’oideachas araon le hiniúchadh a dhéanamh orthu.

Agus mar sin tosaím trí ómós a thabhairt do fhleiscíní: an dá líne dhubha bheaga sin. Smaoiním orthu mar thairseacha ar a léimeann lucht déanta beartais, ealaíontóirí agus teagascóirí, siar nó aniar, timpeall agus tríd, agus leas á bhaint againn as ár dtuiscint agus ár scileanna maidir le spásanna scáineacha a fhiosrú, spásanna a osclaíonn siad agus a dtugann siad cuireadh dúinn iontu. Tríd an méid sin a dhéanamh cuireann siad an deis ar fáil do chaidrimh agus malartuithe nua in ealaín agus in oideachas (thar iad siúd a bhfuil srian curtha orthu ó thaobh a gcuid bunchomhthéacsanna) le teacht chun cinn.

San alt seo déanfaidh mé plé ar roinnt trasnuithe damhsa san oideachas. Tá sé scríofa ó mo dhearcadhsa agus mé i mo thaibheoir damhsa chomhaimseartha (cóiréagrafaí agus taibheoir) agus mé i mo mhúinteoir a bhfuil obair chuimsitheach déanta agam, i gcomhthéacsanna damhsa gairmiúla agus oideachasúla, in Éirinn agus thar lear. Déanann mo rannpháirteachas i gceapadh beartais eolas don alt seo. Féachann an dara ceann seo ar pholasaithe ealaíon agus ealaíona san oideachas go príomha.

Laistigh den churaclam scoile, áirítear damhsa mar shnáithe¹ de shiollabas an Chorpoideachais laistigh de churaclam na scoile ar leibhéal bhunscoile agus iar-bhunscoile araon. Mar sin féin, tugann tuarascáil a rinneadh le déanaí ar ghníomhaíochtaí Corpoideachais i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna (Woods et al 2010) le fios go bhfuil neamhréir ann idir an siollabas agus an méid a mhúinteoir i bhfírinne i rith ranganna Corpoideachais. De réir na tuarascála seo, bhí claonadh ag múinteoirí an buntáiste a thabhairt do chluichí foirne fad is nár múineadh gníomhaíochtaí amhail damhsa nó snámh nó fad is a cuireadh na gníomhaíochtaí sin ar fáil go hannamh. Maidir le damhsa, is é ceann de na príomhchúiseanna dó seo, de réir na tuarascála, ná go mothaíonn go leor múinteoirí nach bhfuil an fhéinmhuinín acu é a mhúineadh agus/nó é a mheas.

Níl seo le maíomh nach bhfuil suim ag múinteoirí damhsa a mhúineadh. A mhalairt ar fad, le daichead bliain anuas, d’oibrigh mé i réimse comhthéacsanna oideachasúla in Éirinn agus tá obair spreagúil na múinteoirí feicthe agam, ar an láthair, múinteoirí a bhfuil suim ar leith acu sa damhsa agus a aithníonn an cúnamh uathúil a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis d’aistear oideachasúil a gcuid daltaí. Tá cúnamh suntasach tugtha ag an-chuid de na múinteoirí seo

¹ Tá roinnt mhaith réimsí staidéir ann sna curaclaim corpoideachais (bunscoil agus iar-bhunscoil) ar a dtugtar snáithe, is é sin lúthchleasaíocht, gníomhaíochtaí lasmuigh agus gníomhaíochtaí eachtraíochta, uiscíocht, damhsa, gleacaíocht, cluichí agus aclaíocht a bhaineann leis an tsláinte.

maidir le damhsa a fhorbairt, ní hamháin ina gcuid scoileanna féin, ach ar leibhéal náisiúnta chomh maith trína rannpháirtíocht ghníomhach le forbairt churaclaim agus tionscnaimh damhsa san oideachas.

Is feiniméan é seo a tharlaíonn ar fud na n-ealaíon. Déantar tagairt faoi leith de ‘shár-chaighdeán’ an-chuid den obair a dhéanann na príomhdhaoine aonair seo (chomh maith le roinnt mhaith gníomhaireachtaí rialtais freagracha), in aiste John Conlon, tagairt atá tuillte go maith acu: *Comhthéacs Athraitheach na nEalaíon san Oideachas* (2008). Molann sé an cúnamh sárluachmhar atá déanta acu le chéile, chomh maith leis an gcúnamh a leanann siad ar aghaidh ag déanamh, i dtreo beartais agus cleachtais maidir le healaíona san oideachas a fhorbairt in Éirinn, go háirithe in éagmais plean gnímh comhardaithe, cuimsitheach le haghaidh tuilleadh soláthar córasach.

I bpróiseas atá idir chomhthreomhar agus a tharlaíonn go comhuaineach, is féidir a fheiceáil go bhfuil forbairt an phobail damhsa chomhaimseartha ghairmiúil in Éirinn inchurtha i leith obair roinnt daoine tábhachtacha ceannródaíocha. Dá mbeadh radharc ón aer againn ar fhorbairt an damhsa, sa dá chomhthéacs, d'fheicfimis go leor soilse geala - gníomhaíochtaí áirithe in áiteanna áirithe – ar fud na tíre. D'fhéadfaí cur síos a dhéanamh ar a bpatrún forbartha mar a bheadh riosóm ann. Déanann an téarma seo, a fuarthas ar iasacht anseo ó Deleuze and Guattari (1980), cur síos ar phatrúin ar féidir leo scaipeadh, cosúil le huisce, ar fud dromchlaí agus trí scoilteanna agus bearnaí, cosáin nua a aimsiú agus spásanna nua a chruthú mar fhreagairt ar dhálaí atá ag teacht chun cinn agus imthosca atá ag teacht chun cinn.

De réir mar a éiríonn an soláthar foriomlán don damhsa san oideachas níos córasaí (agus tá súil againn go leanfaidh sé, le himeacht ama, mar thoradh ar fhís chomhchoiteann, ar obair chrua agus ar thiomantas leanúnach daoine aonair, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais), ba mhaith liom smaoineamh go leanfaidh patrúin an fháis ‘riosómaigh’ ag bláthú freisin. Luíonn a luach lena gcumas bogadh trí struchtúir agus ar fud pobal agus freagairt go spontáineach do chásanna atá ag teacht chun cinn ar bhealaí nach féidir le próisis níos mó agus níos córasaí a dhéanamh i gcónaí.

Léirigh cláir Damhsóirí Cónaithe, agus go háirithe iad siúd i gColáistí Oideachais, gur bealach thar a bheith éifeachtach iad chun malartuithe cruthaitheacha a chur ar fáil idir próisis agus struchtúir ‘riosómacha’ agus chórasacha: agus a mhalairt. Bhí taithí phearsanta agam ar é seo a fheiceáil i rith mo thréimhse mar dhamhsóir cónaithe, sa Roinn Corpoideachais, Coláiste Oideachais Thuamhan, Luimneach (OL anois) in 1986. Ba é seo an chéad ról mar dhamhsóir cónaithe a bunaíodh in Éirinn. Tharla sé a bhuí le fis Teresa Leahy (Léachtóir Damhsa i gColáiste Thuamhan) a bhunaigh comhpháirtíocht le Brendan Smith (Léachtóir Drámaíochta i gColáiste Mhuire gan Smál) agus a fuair maoiniú ón gComhairle Ealaíon don ról. Bhí an chónaitheacht cómhaoinithe ag na comhpháirtithe go léir ó 1986-1993.

Toisc go raibh síolraithe in áit fhabhrach, bhí rath ar an gcónaitheacht ar go leor bealaí nach bhféadfaí a bheith ag súil leis ón tús. I measc an rath a bhí air bhí bunú compántais damhsa ghairmiúil: Daghdha (Dance Limerick anois). Bhí an Compántas cónaithe in OL go dtí 2002. Bhí forbairtí gaolmhara eile ar an gcampas sioncronach e.g. bunú Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol in 1995. Mar sin féin, tá baint dhíreach ag bunú an MA do Thaibhiú Damhsa

Comhaimseartha, mar cheann de shraith cláir MA an Acadaimh, leis an méid a thagraíonn a Stiúrthóir Bunaidh, an tOllamh Micheál Ó Súilleabháin, dó mar an ghníomhaíocht damhsa a d'aithin sé ar an gcampas nuair a tháinig sé.

Leanann an t-idirphlé leis an bpobal damhsa comhaimseartha gairmiúil agus le cláir fochéime agus iarchéime (a bhí mar shaintréith den chónaitheacht) agus na malartuithe eatarthu go dtí an lá atá inniu ann. Chuir na malartuithe seo, go díreach agus go hindíreach, le roinnt forbairtí i ndamhsa, oideachas damhsa agus damhsa san oideachas i Luimneach. Aithnítear an dara ceann acu anois (go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta) mar mhol gníomhaíochta damhsa, damhsa comhaimseartha go háirithe.

Faoi láthair, tá dhá chlár Cónaitheachta Damhsa, atá maoinithe ag an gComhairle Ealaíon, á reáchtáil i gColáistí Oideachais. In 2013, chuir Amharclann Damhsa Coiscéim tús le cónaitheacht trí bliana i gColáiste Phádraig, Baile Átha Cliath. Agus in 2014, chuir an t-ealaíontóir damhsa Lisa Cahill tús le cónaitheacht dhá bhliain, i Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad. Níl aon amhras orm ach go bhfuil na malartuithe idir gach duine a bhfuil baint acu leis na cónaitheachtaí seo spreagúil agus beathúil agus go bhfuil síolta á gcur agus athruithe á dtabhairt i gcrích acu ag go leor leibhéal éagsúla sa dá phobal agus sna spásanna eatarthu. Mar sin féin, tá sé i bhfad róluath plé a dhéanamh ar an tionchar iomlán a bheidh ag na cónaitheachtaí seo maidir le forbairt fhadtéarmach an damhsa agus an damhsa san oideachas in Éirinn. Nochtfar seo le himeacht ama.

Níl seo á mhaíomh, áfach, nach féidir tionchar iomlán na gcónaitheachtaí a thomhas ach feadh amlínte líneacha. Ná ní thugann sé le tuiscint gur féidir an tionchar iomlán a laghdú go tomhas sa damhsa agus/nó i dtéarmaí oideachais amháin. Tá tomhais den sórt sin luachmhar, ar ndóigh, ach go hiorónta, ní féidir gach rud luachmhar a thomhas. Conas an tionchar a bhíonn ag 'feasacht chorpraithe' ar shaol an dalta a thomhas: díreach anois: nó an tionchar a bhíonn ag tuiscint chomhbhách ar a nádúr féin agus daoine eile, a dhúisítear trí ghluaiseacht: díreach anois. Conas an chumhacht chlaochlaitheach atá nóiméad ar cosúil go bhfuil sé gearr a thomhas agus a thionchar buan ar gach duine a mbíonn taithí aige air: díreach anois.

Uaireanta mothaítear an tionchar seo sa chomhartha is lú: braistint lánchorpraithe, ag teacht i bhfoirm. Uaireanta, is sa sonas a bhaintear as do nádúr féin sa dhamhsa a mhothú atá sé (ag bogadh go saor tríd an spás: steip a dhéanamh, ag casadh, ag léim) nó an damhsa a mhothú i do nádúr féin. Uaireanta, is ann dó sna nóiméid sin de nascacht le, agus meas ar ghluaiseacht daoine eile. Agus uaireanta is féidir é a mhothú i ngach ceann de na rudaí thuas, ag an am céanna, mar 'staid chomhfhiosach a bhaineann le rannpháirtíocht agus feasacht iomlán, ag freastal ar an taobh istigh (Stinson, de réir mar a luadh in Sansom 2009, lch.168)': á bhogadh.

Tá luach, d'eispéireas a mothaíodh laistigh, na gluaiseachta cuimsithe go hálainn i ráiteas Pina Bausch's² a luaitear go minic: 'Níl suim agam sa chaoi a mbogann daoine ach sa rud a chuireann ag bogadh iad'.

² Cóiréagrafaí, taibheoir agus múinteoir Gearmánach ab ea Pina Bausch (1940 – 2009). Aithnítear go forleathan í mar cheann de na cóiréagrafaithe is tábhachtaí agus is mó tionchair sa 20úhAois.

Tá an ráiteas seo thar a bheith simplí agus thar a bheith domhain. Maidir liom féin, labhraíonn sé le croí an damhsa, a lár dofheicthe, a spiorad a d'fhéadfá a rá: an rud a théann i bhfeidhm orainn, gach duine ar ár mbealach féin, agus an rud a nascann muid nuair a bhogann muid le chéile, gach ceann acu lenár róil faoi seach (mar lucht déanta beartas, oideoirí agus ealaíontóirí) chun an sprioc chomhroinnte a bhaint amach timpeallachtaí spreagúla teagaisc agus foghlama damhsa san oideachas a chruthú i gcoláistí agus i scoileanna.

Faoi láthair, níl ionstraimí againn atá íogair go leor chun ligean dúinn 'ábhar' fíor an damhsa a nó tionchar iomlán na dtimpeallachtaí seo ar ealaíontóirí agus ar oideoirí a thomhas, agus an tsochaí dá réir. Mar sin féin, mura dtomhaistear é, is féidir linn aird a thabhairt ar an gcomhphleanáil, ar fhíodóireacht íogair na snáitheanna 'fileata agus praiticiúla' (smaointe agus gníomhartha), a theastaíonn ag gach céim dá dtógáil.

Tugann alt Triona Stokes (2015) faoin gcónaitheacht reatha damhsa i Maigh Nuad, tuiscint iontach ar an ngaol idir na snáitheanna seo go léir. Léiríonn an t-alt féin na caidrimh seo de réir mar a dhéanann sé tagairtí do bheartais náisiúnta (san Oideachas agus sna hEalaíona) a fhí, trí shamplaí de thionscadail shonracha. Ina theannta sin, déantar an dara ceann a shnáithiú trí chuntais chéad phearsa a scríobh cuid de na rannpháirtithe: léachtóirí, múinteoirí faoi oiliúint, múinteoirí, daltaí agus an t-ealaíontóir damhsa. Maidir liom féin, déanann an fhí seo guthanna agus peirspictíochtaí iomadúla an t-alt agus na gníomhaíochtaí a thuairiscítear ann an-bheo: corp damhsa dinimiciúil.

Go hoideolaíoch, léiríonn tionscadail damhsa san oideachas cur chuige comhoibritheach agus eispéireasach i leith teagaisc agus foghlama ag gach céim dá bhforbairt. I rith na céime pleanála (agus go ginearálta i rith gach tionscadail) oibríonn múinteoirí agus ealaíontóirí i gcomhar lena chéile, ag foghlaim óna chéile agus, ag an am céanna, ag tarraingt ar a gcuid scileanna bunaithe ar a ndisciplín faoi seach chun timpeallachtaí foghlama cómhálartacha atá freagrúil agus cruthaitheach a chruthú dá ndaltaí.

Maidir le modh, is minic a úsáidtear Anailís Ghluaiseachta Laban mar chreat coincheapúil agus tascanna sonracha á socrú do ranganna agus do cheardlanna. Le blianta beaga anuas, áfach, tá níos mó agus níos mó ealaíontóirí agus oideoirí damhsa ag ionchorprú prionsabail agus cleachtais shómatacha ina gcur chuige (Eddy 2009).

Is í Sómaitic an réimse a dhéanann staidéar ar an sóma: is é sin an corp agus taithí air ón taobh istigh ag dearcadh an chéad phearsa (Hanna 1995). Leis an gcur chuige seo, níl dhéantar an corp a oibiachtú. Ina ionad sin, breathnaítear air mar phróiseas corpraithe feasachta agus cumarsáide inmheánaí. Nuair a chuirtear i bhfeidhm iad i gcomhthéacsanna damhsa san oideachas, úsáidtear cuir chuige shómatacha chun daltaí a spreagadh chun cloí lena mothú gluaiseachta uathúil, chun a bheith ina 'ngníomhairí chun a bhfoghlaim féin a threorú' (Sanson 2009, lch.167) agus ina 'saineolaithe ar a dtaithe féin' (Adler, de réir mar a luadh in Hartley 2004, lch.30). Tacaíonn sé leo a gcumas a fhorbairt chun a bheith féinfheasach go hinmheánach chomh maith le bheith feasach go seachtrach mar chuid den phróiseas chun a bheith níos muiníní as a bhfreagairt uathúil féin ar ghluaiseacht a chur in iúl agus meas a bheith acu ar fhreagairt daoine eile.

D'fhéadfá a rá gurb é seo croílár na ceiste.

Nuair a bhíonn an croí againn agus é lán agus ann, gan eagla, is féidir linn teagmháil a dhéanamh trí na súile agus na lámha le tabhairt agus le fáil. De réir mar a bhuaileann na lámha agus na súile leis an gcomhshaol ar an mbealach seo, le tacaíocht ón taobh istigh, tacaíonn an domhan lasmuigh leis an gcroí freisin – sreabhann an tacaíocht isteach agus amach (Hartley 1994, lch.185).

Is amhlaidh freisin go gcothaítear agus go gcoinnítear croí na ngníomhaíochtaí damhsa san oideachas ag an ‘domhan lasmuigh’ agus go sreabhann an tacaíocht isteach agus amach: dá bhrí sin, is mairtís bheo, ag anáil, mairtís de phróisis fhileata agus phraiticiúla idirspleácha í.

San alt seo, phléigh mé mo thaithí ar roinnt de na próisis seo, ó pheirspictíochtaí éagsúla. Níl aon chonclúid ann - ach meabhrúchán ar an tábhacht a bhaineann le cibé rud is féidir linn a dhéanamh, inár n-aonar agus i dteannta a chéile, chun a chinntiú go bhfaigheann níos mó agus níos mó daltaí an deis tairseacha na bhfleiscíní a thrasnú: croí a ngluaiseachta féin a iniúchadh, a rithim a mhothú, a bheith bogtha ag a chuisle, le cruthú, le nascadh, le comhroinnt: le bheith ag damhsa.

Tagairtí

Colohan, J. (2008) ‘The Changing Context of the Arts in Irish Education’ in *Pointí Ailiniúcháin - Tuarascáil an Choiste Speisialta um na hEalaíona agus an tOideachas* Baile Átha Cliath, an Chomhairle Ealaíon, 37-45

Deleuze, G. agus Guattari, F. (1980) *A Thousand Plateaus, Capitalism and Schizophrenia*, aistriú ag Brian Massumi, B., Minneapolis: University of Minnesota Press.

Eddy, M. (2011) ‘Dance and Somatic Inquiry in Studios and Community Dance Programs’, *Journal of Dance Education*, 2:4, 119-127.

(2009) ‘A brief history of somatic practices and dance: historical development of the field of somatic education and its relationship to dance’ *Journal of Dance and Somatic Practices*, 1:1: Intellect Ltd. 5-27.

Green, J. (2002) ‘Somatic Knowledge: The body as content and methodology in dance education’, *Journal of Dance Education*, 2 (4), 114-118.

Hanna, T. (1995) ‘What is Somatics?’, in Hanlon-Johnson, D., ead., *Body, Breath, & Gesture, California*: North Atlantic Books, 341-352.

Hartley, L. (2004) *Somatic Psychology: Body, Mind and Meaning*, Londain: Whurr Publications.

(1995) *Wisdom of the Body Moving*, California: North Atlantic Books.

Heaney, S. (1995) *The Redress of Poetry: Oxford Lectures*, Londain: Faber and Faber.

Sansom, A. (2009) 'Mindful pedagogy in dance: honoring the life of the child', *Research in Dance Education*, 10:3, 161-176.

Stokes, T. (2016) 'Dancing to Life: Reflections on the Experience of the Dance Artist-in-Residence at Maynooth University' in Mooney, B. ed., *Education Matters*, Yearbook 2015-2016: Oileán Ciarraí: Walsh Colour Print.

Stinson, S. (2002) 'What We Teach is Who We Are: The stories of our lives', *Dance, Power and Difference*, ed. S. Shapiro, 23-47. Champagne Illinois: Human Kinetics

Woods, C.B., Tannehill D., Quinlan, A., Moyna, N. agus Walsh, J. (2010). *The Children's Sport Participation and Physical Activity Study (CSPPA). Tuarascáil Taighde Uimh. 1.* Scoil na Sláinte agus na Feidhmíochta Daonna, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Chomhairle Spóirt, Baile Átha Cliath, Éire.

Is taibheoir damhsa comhaimseartha - cóiréagrafaí, taibheoir agus múinteoir í **Mary Nunan**. Faoi láthair tá sí ina Stiúrthóir Cúrsa ar an MA don Taibhiú Damhsa Chomhaimseartha in Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol Roimhe sin bhí sí ina Stiúrthóir Ealaíne ar Daghdha Dance Company agus roimhe sin arís ina ball d'Amharclann Dhamhsa Comhaimseartha Bhaile Átha Cliath. Cothaíodh a spéis sa damhsa nuair a rinne sí staidéar air mar chuid dá bunchéim sa Chorpoideachas, Ollscoil Luimnigh. Bhí Mary mar chomhalta den Chomhairle Ealaíon (2005-2008). Bhí sí ina Cathaoirleach ar an gCoiste Speisialta a chuir an tuarascáil, '*Pointí Ailiniúcháin*', le chéile. Ghnóthaigh sí a PhD ó Middlesex University in 2013.



Aiste arna Coimisiúnú ag Tairseach na nEalaíon san Oideachas, 2016